Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2017
(OR. fr)

9494/17

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0284 (COD)**

**CODEC 881**
**PI 68**
**RECH 201**
**EDUC 248**
**COMPET 427**
**SAN 207**
**AUDIO 71**
**CULT 71**
**DIGIT 143**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinaistritheacht trasteorann seirbhísí ábhair ar líne sa mhargadh inmheánach **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 10 Nollaig 2015, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 27 Aibreán 2016[2]. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh ar an 8 Aibreán 2016[3].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 18 Bealtaine 2017. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

1 15302/15.
2 IO C 264, 20.7.2016, lch. 86.
3 IO C 240, 1.7.2016, lch. 72.
4 9411/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 9/17, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.